Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Donegal Hospice

Oispís Dhún na nGall

Eolas fá choinne othair agus á dteaghlaigh

Iúil 2014

Ábhar :

Fáiltiú go hOispís Thír Chonaill agus eolas phraicticiúil:
Páirceáil
Táillí
Ag teacht ar cuairt
Ionfhabhtaithe á rialú
Áiseanna caitheamh tobac
Seomra Teaghlaigh
Urnaí idirchreidmheach / seomra ciúin
Peataí
Éadaí pearsanta á ní
Maoin na n-othar

Foireann:
Béilí & obair tí
Cléir
Foireann cléireachais/Riaracháin
Seirbhísí Cúraim lae
Bainistíocht na hoispíse
Leigheas agus Altraí
Seirbhís altra Cúraim baile
Cógaslann
Seirbhísí Teiripe
Áiseanna eile:
Gruagaireacht
Caitheamh aimseartha

Sé do bheatha go hOispís Thír Chonaill.

Fosclaíodh Oispís Thír Chonaill i mí na bhFaoilleach 2003. Is aonad 8 leaba atá ann. Is seomraí singil achan seomra ina bhfuil cith agus en-suite, Teilifís, cuisneoir agus raidió/seinteoir dlúthdhioscaí.

Tá foireann il-disciplíneach san Oispís a chuireann an bhéim ar chóir leighis agus ar chúram speisialtóra. Is é ár n-aidhm " cúram cuimsitheach fisiciúil, mothánach agus spioradálta a chur ar fáil do dhaoine agus do theaghlaigh agus an caighdeán maireachtála is fearr a chothú dóibh siúd a bhfuil galair orthu atá ina bhagairt dá mbeatha..(Ráiteas Misin Oispís Dhún na nGall).

Baineann an t-eolas a leanas le ceisteanna practiciúla a d'fhéadfadh freagraí a bheith de dhíobháil ort fá dtaobh díofa. Mura bhfuil freagra na ceiste ann ná bíodh leisce ort an cheist a fhiafraigh ar bhall foirne ar bith. Beidh lúcháir orainn cuidiú leat bealach ar bith a thig linn.

<u>Páirceáil</u>

Thig le cuairteoirí agus leis an fhoireann a gcarranna a fhágáil saor in aisce taobh leis an oispís. Druidtear na príomhgheaftaí i ndiaidh 10.00 in ach thig dul isteach má úsáideann tú an t-acra idirchumarsáide (intercom). Ní chuirtear glas ar an gheafta (ag an taobh)do choisithe

<u>Seirbhís saor in aisce</u>

Níl costas ar bith ar an chúram maolaitheach. Faigheann Oispís Dhún na nGall a cuid airgid ó FnaSS agus is iadsan a dhéanann bainistiú ar an áit. Faigheann an áit cuidiú nach beag ón charthanach cláraithe ,Coiste Deonach Oispís Dhún na nGall. Ní thig leis an fhoireann glacadh le bronntanais go díreach – is polasaí de chuid FnaSS é seo. Ach má bhíonn fonn ort féin nó ar do theaghlach síntiúis a thabhairt don Oispís, buail isteach go dtí Oifig na gCistí idir 9 r.n agus 5 i.n, Luan go hAoine nó cuir scairt ar 074 91 25656.

Ag teacht ar cuairt

Is sábháilteacht agus leas na nothar na rudaí is mó a thugann muid tosaíocht dó. Thig le daoine teacht ar cuairt am ar bith, gan srian. In amannaí ní bheidh othar ag mothú maith go leor le go leor cuairteoirí a fheiceáil ag an am céanna agus cuirfear srian ar líon na gcuairteoirí ar mhaithe leis an othar. Molfar do grúpaí móra clainne an seomra teaghlaigh a úsáid ar ócáidí den chineál seo. Thig leat scairt a chur ar an Aonad am ar bith áfach..

Ag Rialú ionfhabhtaithe

Tá cuimilteoirí láimhe díghalraithe ar fáil san áit agus ba chóir duit iad seo a úsáideann sula dtagann tú isteach ar cuairt agus nuair a bhíonn tú ag imeacht.

Mura bhfuil tú ag mothú go maith, b'fhearr duit gan teacht ar cuairt go mbeidh biseach ort.

Áiseanna caitheamh tobac

Ní cead ag aon duine caitheamh san áit seo diomaite de na hothair. Má bhíonn othar ag iarraidh toit a chaitheamh tabharfar cead dó/di i ndiaidh labhairt leis an fhoireann.

Seomra Teaghlaigh

Tá an seomra teaghlaigh ar fáil fá choinne daoine muinteartha, cúramóirí agus cairde. Tá roinnt leabhair,irisí agus bréagáin pháistí ar fáil ann. Tá cathaoireacha sócúlacha agus áiseanna cócaireachta agus cistinibh ann. Thig té a dhéanamh sa chistineach. Agus tá béilí éadtroma(sú agus rollaí) ar fáil saor in aisce.

Tá Wi-Fi ar fáil sa chuid seo den fhoirgneamh. Is é an cód ná :

C52589ec2651 (Amharc ar Áiseanna Caitheamh Aimseartha)

Urnaí idirchreidhmeach / Seomra Ciúin

Thig l'achan duine an Seomra Ciúin a úsáid. Tá meas againn ar achan chultúr, achan creideamh agus orthu siúd gan creideamh ar bith. Thig le daoine aonaracha an seomra a úsaid le seal a bheith acu smaointiú ar a suaineas. Baintear leas as fosta fá choinne seirbhísí eaglasta a thig a thaispeáint i seomra an othair ar fhíseáin.

Peataí

Is cuid thábhachtacht de shaol cuid de na daoine na peataí agus thig peata a thabhairt isteach ar cuairt. Ná bíodh leisce ort labhairt leis an fhoireann sa dóigh agus go dtig cuairt a shocrú a bheidh fóirstineach d'achan duine.

Éadaí Pearsanta

Tá áiseanna níocháin san áit fá choinne éadaí beaga pearsanta na n-othar a ní an fhad agus atá siad anseo.

Maoin na n-othar

Moltar d'othair gan suimeanna móra airgid agus earraí luachmhara a thabhairt isteach. Ach, má déantar amhlaidh cuirfear an maoin na' bhaile le daoine muinteartha i ndiaidh cead an othair a fháil nó cuifear i dtaiscí iad i dtaisceadáin na hOispíse .

Béilí agus obair tú

B'fhéidir nach mbeadh fonn ort béile a ithe ag an am atá sé á thabhairt amach agus mura bhfuil, beidh tú ábalta ithe ag am inteach eile. Déanfaidh an fhoireann achan iarracht a bheith comh solúbtha agus a thig leo. Thig leat té/caifé a iarraidh am ar bith . Thig le othair agus le cuairteoirí té agus caifé a fháil sa seomra teaghlaigh agus tá inneall té/caifé ann. Thig deochanna fuara agus sneaiceanna a fháil fosta ón inneall

Bíonn éide bán faoi dhath gorm á chaitheamh ag an fhoireann lónadóireachta agus léinte le línte gorma agus bána ar an fhoireann tí

Séiplíneacht

Tá an séiplíneacht uile-reiligiúín á roinnt againn le hOtharlann Ghinearálta Leitir Ceanainn..

An Fhoireann Chléireachais/Riaracháin

Cuireann an fhoireann chléireachais tacaíocht riaracháin ar fáil don fhoireann uilig..

Tá Oifig riaracháin Choiste Dheonaigh Oispís Dhún na nGall lonnaithe san fhoirgneamh seo fosta..

Seirbhísí Cúraim lae

Bíonn sé seo ar fáil d'othair sa bhaile a treoraíodh go dtí'n sainseirbhís chúraim mhaolaitheach. Cuirtear ar fáil é achan Déardaoin ó 10.30 rn go thart fá 3.00 in.

Eagraíonn an tAltra Cúraim lae an tseirbhís seo. Ar an fhoireann tá oibrithe deonacha, teiripeoirí deonacha, gruagaire, cúntóirí Cúraim sláinte agus thig teacht ar theiripeoirí cliniciúla fosta.

Is ar maidin a chuirtear na seirbhísí gruagaireachta, áilleachta agus teiripe cosúil leo ar fáil de ghnáth. Cuirtear lón ar fáil agus i ndiaidh an tráth bí seo thiocfadh le gníomhaíocht ealaíne, ceardaíocht, agus a rl a bheith ar siúl.
Bíonn an Cúram lae druidte i mí Lúnasa agus fá choinne cúpla seachtain ag an Nollaig.

Ní ghearrtar táille ar bith fá choinne an tseirbhís seo ar an dóigh céanna nach ngearrtar táille ar sheirbhís ar bith de chuid na hoispíse agus tá siad maoinithe go hiomlán ag an choiste deonach.

Tá bileog faoin Chúram Lae i gcuideachta an leabhrán seo.

Bainistíocht na hoispíse

Is áis de chuid Fheidhmeanancht na Seirbhíse Sláinte (Fna SS) an tAonad In-othair in Oispís Dhún na nGall agus tá Altra Bainisteoir Chúraim Mhaolaitheach ar an stiúr. Faigheann an Fna SS cuidiú fhial ó Choiste Deonach Oispís Dhún na nGall agus ó phobal Thír Chonaill/Inis Eoghain.

Leigheas agus Altranas

Tá Dochtúir Comhairleach sa Leigheas Mhaolaitheach agus triúr Chláraitheoir ar an fhoireann leighis.

Tá an fhoireann altranais barda faoi stiúr bhainisteoirí altraí cliniciúla (CNM) 1 agus 2 agus bíonn léinte corcra faoi dhath gorm á chaitheamh acu.

Caitheann na haltraí foirne éide bándearg agus caitheann na cúntóirí sláinte éide gorm éadtrom.

Oibríonn na foirne leighis agus altranais as lámh a chéile le measúnú cuimsitheach agus le sain-cóir leighis a chur ar fáil do na comharthaí sláinte a dtiocfadh leo cur isteach ar do leas. Cinntiónn an bealach aontaithe a bhfuil siad ag déanamh a gcuid oibre go bhfaighe tú an caighdeán Cúraim is fearr agus faoiseamh ó do chomharthaí leighis.

Oibríonn na teaghlaigh agus na hothair i gcomhar leis an fhoireann altranais agus leighis.

An tSeirbhís Altra Cúraim Baile

Cuirtear Speisialtóir Altra Cliniciúil (CNS) ar fáil d'achan othar a seoltar ar aghaidh go dtí'n tSeirbhís Chúraim Mhaoilitheach. Tá 6 CNS fostaithe againn le freastal ar Thír Chonaill agus Inis Eoghain..

Is ceangal iad idir an osipís agus do bhaile. Is speisialtóirí iad a thiocfaidh ar cuairt chugat agus a thabharfaidh comhairle agus cuidiú duit ar mhórán bealaí m.sh cógais leighis, ag coinneál na comharthaí faoi smacht, agus ceisteanna síceolaíochta agus spioradálta. Beidh siad ina gcompánaigh duit ar do thuras agus oibríonn siad lámh ar lámh le d'Altra Sláinte Pobail agus do Dhochtúir Teaghlaigh..

Cógaslann

Tagann an cógaiseoir atá lonnaithe sa Rannóg Cógaisíochta i nOtharlann Leitir Ceanainn chun na hOispíse cúpla iarraidh sa tseachtain. Cuireann an cógaiseoir seirbhís cógaisíochta cliniciúil ar fáil do na hothair chúraim mhaolitheach san Otharlann agus san Oispís.

Reáchtálann Oispís Thír Chonaill "Scéim Drugaí na nOthar féin", ina moltar duit do chógais leighis féin a thabhairt leat 'na h-oispíse an fhad agus a bhíonn tú ag fanacht anseo. Nuair a thiocfaidh tú isteach anseo labhróidh an cógaiseoir leatsa agus le do chlann faoi do chógais leighis agus arís nuair a bheidh tú ag fágáil na h-áite seo ar mhaithe leis an córas casta drugaí atá á chaitheamh agat a dhéanamh níos simplí. Déanfaidh an cógaiseoir teagmháil leis an chógaiseoir pobail fosta le déanamh cinnte go bhfuil achan chógais leighis ordaithe duit sula dtéann tú 'na bhaile.

Seirbhísí Teiripe

Cuireann teiripeoir saothair agus fisiteiripeoir seirbhís ar fáil d'othair chúraim mhaoilitheach san aonaid d'othair, sa Chúram Lae agus sa phobal.

Is cuid den fhoireann il-disciplíneach iad agus cuireann siad seirbhísí éagsúla ar fáil atá dírithe ar achan othar ar leith. Is é ról na seirbhisí teiripe cuidiú l'achan othar a spriocanna feidhmiúcháin a bhaint amach agus a gcaighdeán saoil a bhisiú. Tá sé d'aidhm acu cumas na n-othair tascanna laethiúla a chur i gcrích, a neamhspleáchas a choinneál agus an tinneas atá orthu a láimhseáil.

Áiseanna eile

Gruagaire

Bíonn an gruagaire anseo achan Déardaoin, is seirbhís saor in aisce atá ann. Thig coinne a shocrú duit fosta má bhíonn feidhm leis.

Caitheamh Aimseartha

Tá leabhar fuaime difriúla ar fáil duit. Corr uair nuair nach mbeidh tú ag mothú go maith ní bheidh go leor brí ionat le leabhar a léamh ach b'fhéidir gur mhaith leat éisteacht le scéal. Is leabhar ar dhlúthdhiosca atá á léamh ag aisteoirí , ,iad na leabhar fuaime . Labhair le duine den fhoireann altranais nó Cúraim má bhíonn fonn ort éisteacht le DD.

Tá DVD-anna agus áiseanna Wi-Fi ar fáil fosta..

Bronnadh IPad-anna orainn agus thig leis na hothair iad a úsáid má iarrann siad cead.

Leabhar Fuaime atá ar fáil san am i láthair

Údar	*Leabhar Fuaime*
Jane Austen	*Pride & Prejudice*
Maeve Binchy	*The Homecoming & Other Stories*
Maeve Binchy	*This Year It Will Be Different*
Emily Bronte	*Wuthering Heights*
Agatha Christie	*The Blue Geranium (Miss Marple)*
James Herriot	*If Only They Could Talk*
Khaled Hosseini	*A Thousand Splendid Suns*
Katherine Mansfield	*Classic Women's Short Stories*
Oliver Postgate	*Fawlty Towers – The Second Sitting*
Alan Titchmarsh	*Funny Anecdotes*